# DIOPLÓMA SA GHAEILGE FHEIDHMEACH

| | |
|---|---|
| **Teideal an chúrsa:** | Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach |
| **Dáta tosaithe:** | Meán Fómhair 2011 |
| **Fad an chúrsa:** | Dhá bhliain acadúla (48 seachtain teagaisc) |
| **Ionad:** | Áras John Henry Newman, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4 |
| **Lá agus am:** | Dé Céadaoin, 7.00 – 9.00 p.m.<br>(Eagrófar roinnt léachtaí freisin lasmuigh den am seo) |
| **Stiúrthóir an Chúrsa:** | Eimhear Ní Dhuinn MA, H.Dip (UTL) |
| **Riachtanais iontrála:** | Grád D3 ar a laghad sa pháipéar ardleibhéil Gaeilge san Ardteistiméireacht (nó a mhacasamhail); agallamh ar chaighdeán sásúil |
| **Dáta deireanach iontrála:** | 5.00 p.m. ar an 1 Lúnasa 2011 |
| **Agallaimh:** | Mí Lúnasa 2011 |
| **Táille:** | €1,250 don bhliain 2010-2011, eolas ar tháillí www.ucd.ie/fees |
| **An Cháilíocht:** | Glacann UCD leis an Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach mar cháilíocht a thugann cead isteach sa Dara Bliain Nua-Ghaeilge ar an gcúrsa BA<br>Glacann An Roinn Oideachais agus Scileanna leis an Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach mar cháilíocht Ghaeilge don Chúrsa Iarchéime don Bhunmhúinteoireacht. |
| **Tuilleadh eolais:** | Teil: (01) 716 8385 nó 716 8413 Facs: (01) 716 1166<br>Ríomhphost: kathleen.clune@ucd.ie |
| **Eolas faoi scoláireachtaí Bhord na Gaeilge:** | Le fáil ón Oifigeach Gaeilge, Clár Ní Bhuachalla<br>Teil: (01) 716 7387 Facs: (01) 716 1138<br>Ríomhphost: oifigeach.gaeilge@ucd.ie |

Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta,
An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath
(i gcomhar le Bord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath).



Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh,
Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta,
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# DIOPLÓMA SA GHAEILGE FHEIDHMEACH

## 2011 - 2013

Líofacht

Cruinneas sa Teanga

Scileanna Cumarsáide

An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha

Cultúr agus Oidhreacht

Litríocht





Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?

An bhfuil cailíocht aitheanta uait sa teanga?

Léigh leat mar sin!

## An Dioplóma

Cuirfear tús leis an gcúrsa seo i mí Mheán Fómhair 2011.

Beidh deis ag na rannpháirtithe a gcumas agus a gcuid scileanna teanga a fhorbairt i rith an chúrsa chun cabhrú leo feidhmiú go héifeachtach trí mheán na Gaeilge i réimsí éagsúla den saol.

- Chomh maith leis an teanga féin, beidh gnéithe de litríocht agus d'oidhreacht na Gaeilge i gceist, mar aon leis an teanga sa saol comhaimseartha.
- Ceardlanna seachas léachtaí a bheidh i gceist den chuid is mó.
- Beidh páirt an-ghníomhach ag na rannpháirtithe féin sa chúrsa agus beidh deis acu a gcuid tuairimí a chur in iúl agus tarraingt as a dtaithí féin.
- Beidh béim láidir ar obair bheirte agus ar obair ghrúpa sna ranganna.

Tá an cúrsa seo dírithe ar an bpobal i gcoitinne agus beidh sé oiriúnach go speisialta do dhaoine sa tseirbhís phoiblí, agus do dhaoine atá ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge.

## Ábhar an chúrsa

Cuirtear béim faoi leith sa chúrsa ar:

- Scileanna teanga (líofacht, léamh, éisteacht, scríobh, labhairt, scileanna cumarsáide)

Beidh roinnt ranganna/léachtaí bunaithe ar:

- An Ghaeilge sa saol comhaimseartha (na meáin chumarsáide, eagraíochtaí Gaeilge, an Ghaeltacht)
- Cultúr agus oidhreacht (logainmneacha, sloinnte, béaloideas, an amhránaíocht)
- Litríocht (filíocht agus prós)

## An Cháilíocht

- Glacann UCD leis an Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach mar cháilíocht a thugann cead isteach sa Dara Bliain Nua-Ghaeilge ar an gcúrsa BA.
- Glacann An Roinn Oideachais agus Scileanna leis an Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach mar cháilíocht Ghaeilge don Chúrsa Iarchéime don Bhunmhúinteoireacht.

## Leagan amach an chúrsa

- Is cúrsa dhá bhliain é an dioplóma páirtaimseartha seo agus is le linn téarmaí acadúla na hollscoile a bheidh na ranganna ar siúl.
- Is gá na ceithre mhodúl atá luaite thall a dhéanamh chun An Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach a bhaint amach.
- Beidh scrúduithe ar siúl i mí na Bealtaine.
- Dhá uair an chloig teagaisc (7.00 – 9.00 p.m.) gach oíche Dé Céadaoin a bheidh i gceist. Beidh na seisiúin seo ar siúl in Áras Newman, Belfield.
- Eagrófar sé léacht speisialta in aghaidh na bliana ina dtabharfaidh aoi-léachtóirí caint ar ghnéithe áirithe den chúrsa. Beidh na léachtaí seo ar siúl lasmuigh d'uaireanta teagaisc an Dioplóma.

## Measúnú

**An Chéad Bhliain, Seimeastar a haon:**

**Teanga agus Saíocht I**

30% - Tinreamh agus Obair Bhaile

15% - Tionscadal

30% - Proifíl Foghlama

25% - Scrúdú Cainte

**An Chéad Bhliain, Seimeastar a dó:**

**Teanga agus Saíocht II**

20% - Tinreamh agus Obair Bhaile

25% - Scrúdú Éisteachta

15% - Tionscadal

40% - Scrúdú Scríofa

**An Dara Bliain, Seimeastar a haon:**

**Teanga agus Saíocht III**

20% - Tinreamh agus Obair Bhaile

15% - Tionscadal

25% - Scrúdú Éisteachta

40% - Scrúdú Cainte

**An Dara Bliain, Seimeastar a dó:**

**Teanga agus Saíocht IV**

20% - Tinreamh agus Obair Bhaile

15% - Tionscadal

40% - Scrúdú Scríofa

25% - Cur i Láthair

## Riachtanais iontrála

Ní mór d'iarrthóirí grád D3 ar a laghad a bheith bainte amach acu sa pháipéar ardleibhéil Gaeilge san Ardteistiméireacht (nó a bheith ar chaighdeán atá inchurtha leis seo). D'fhéadfaí glacadh, áfach, le hiarrthóirí nach bhfuair scolaíocht sa tír seo dá measfaí go raibh caighdeán sásúil Gaeilge acu.

Tá líon na n-áiteanna ar an gcúrsa teoranta. Ní mór caighdeán sásúil a léiriú in agallamh a shocróidh stiúrthóir an chúrsa chun áit ar an gcúrsa a chinntiú.

Beidh na hagallaimh ar siúl i UCD ag deireadh mhí Lúnasa.

## Scoláireachtaí

Tá Bord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ag tairiscint scoláireachtaí do dhaoine a gheobhaidh áit ar an gcúrsa. Tá tuilleadh eolais le fáil ón Oifigeach Gaeilge, Clár Ní Bhuachalla (oifigeach.gaeilge@ucd.ie)

## Táille

Chosain an cúrsa €1,250 don bhliain 2010/2011, tá eolas ar tháillí ar fáil ag http://www.ucd.ie/fees.

Ní mór d'iarrthóirí an táille a íoc nuair a chláraíonn siad don chúrsa ag tús na bliana acadúla.

## Iarratais

Is féidir cur isteach ar an Dioplóma, ach dul go dtí an leathanach www.ucd.ie/apply. Roghnaigh an réimse Diplomas/Certificates agus ansin - Z157 Diploma Continuing Education Gaeilge Fheidhmeach.